Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2020
(OR. en)

13177/20

JEUN 122
EDUC 414
SOC 737
EMPL 526
SUSTDEV 162
COHOM 92
GENDER 140
DIGIT 130
ANTIDISCRIM 120

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12840 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip, arna bhformheas ag an gComhairle an 20 Samhain 2020 trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle.

Cuirfear na conclúidí seo ar aghaidh lena bhfoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 18 Samhain 2020.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip**

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

1. Fothaithe ar luachanna amhail an daonlathas, an t-iolrachas, an comhionannas agus an smacht reachta atá an tAontas Eorpach. Bunchlocha doshannta den fhís Eorpach iad meas ar chearta an duine, ar an tsaoirse, ar an neamh-idirdhealú, ar an gcaoinfhulaingt agus ar chosaint na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad[1].

2. Níor cheart talamh slán a dhéanamh riamh den daonlathas ná den tsochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an smacht reachta, an ceartas, an dlúthpháirtíocht; ní mór do ghníomhaithe polaitiúla, don tsochaí, do lucht gnó, do lucht léinn, do na meáin, don fhoghlaim fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil agus don oiliúint – agus dúinn ar fad – iad a chosaint, a neartú agus a chur chun cinn.

3. Ba cheart a chur ar chumas an aosa óig a bheith rannpháirteach go fóinteach i gcinntí uile a bhaineann leo féin. Tá an ceart acu chun saoirse tuairimí a nochtadh, rochtain ar fhaisnéis a fháil agus cosaint a fháil ar an idirdhealú. Tá siad i dteideal oideachais, oiliúna agus obair óige a chuirfidh ar a gcumas féin foghlaim faoi, *inter alia*, chearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus a ullmhóidh iad do shaol freagrach i sochaí shaor.

---

**1** Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

4. Tá cruthaitheacht an aosa óig ríthábhachtach chun gur ann don daonlathas san Eoraip. Tig le cultúir, gluaiseachtaí, grúpaí, eagraíochtaí agus tionscnaimh óige tionchar sainitheach a imirt ar fhorbairtí polaitiúla agus ar athruithe sochaíocha. I measc na saincheisteanna ar minic aos óg na hEorpa i ngleic leo, tá tionscnaimh a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus na haeráide, an frithchiníochas agus an éagsúlacht shóisialta.

5. Céim shainiúil sa saol is ea an óige agus ní mór aird ar leith a thabhairt uirthi ó thaobh na polaitíochta de. Tá éagsúlacht leathan cúlraí, leasanna agus cumais ag baint le haos óg na hEorpa agus is iomaí sin dúshlán – ar bhonn aonair agus ar bhonn sochaí – atá le sárú acu. Deiseanna saoil a chur ar fáil do dhaoine aonair, go háirithe don aos óg – ar lú na deiseanna atá acu – agus an fheasacht dhaonlathach san aos óg a chothú, is cúraimí iad sin lena dteastaíonn tacaíocht leathan ón tsochaí agus bearta beartais iomchuí.

6. Tá an-acmhainneacht ag baint leis na meáin agus an teicneolaíocht dhigiteach chun an t-iontaobhas as an daonlathas a neartú, trí dheiseanna suntasacha a chur ar fáil don aos óg rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá le haghaidh rannpháirtíocht dhaonlathach, chun idirghníomhú le daoine eile atá i bhfad i gcéin, chun a dtuairimí a nochtadh, a gcearta a fheidhmiú agus a bheith rannpháirteach sa tsaoránacht ghníomhach. Bíodh sin mar atá, tá roinnt gnéithe diúltacha ag baint leis an digiteáil – amhail an bhréagaisnéis, an polarú, an bholscaireacht agus an fhuathchaint – a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ón daonlathas.

7. Tá sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach rannpháirtíocht na ndaoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú[2].

---

**2** Airteagal 165(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

8. Tá cur chun cinn an daonlathais rannpháirtíochta chuimsithigh ar cheann de phrionsabail threoracha Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige (2019-2027). Tacú le rannpháirtíocht an aosa óig san Eoraip maidir le múnlú na sochaí agus na polaitíochta is aidhm do Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige. Ós mar sin atá, cuirtear tuairimí an aosa óig san áireamh, mar shampla, le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus le 11 Sprioc Eorpacha don Óige[3]. Tá tábhacht nach beag ag baint le spriocanna Eorpacha don Óige Uimh. 1 (An tAontas Eorpach a nascadh leis an Óige) agus Uimh. 9 (Spás agus Rannpháirtíocht do Chách) ó thaobh rannpháirtíocht dhaonlathach an aosa óig.

AGUS TUGANN SÍ DÁ hAIRE

9. Dhírigh na smaointe agus na tuairimí a bhí ag an dream óg sin a tháinig le chéile ag Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mí Dheireadh Fómhair 2020 ar an spás agus ar an rannpháirtíocht do chách; ní beag a luach i dtaca le gníomhaíocht a spreagadh i measc aosa óig na hEorpa ar mhaithe leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú. Baineann na smaointe agus na tuairimí seo a bhí ag an dream óg sin leis an méid seo a leanas:

- an smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh ina cuid éigeantach den churaclaim scoile;
- nósanna imeachta comhchinnteoireachta ar gach leibhéal ina mbíonn an t-aos óg agus eagraíochtaí don óige rannpháirteach a chur chun feidhm trí chur chuige ceartabhunaithe;
- an aois maidir le seasamh i dtoghchán agus an aois vótála do gach toghchán a ísliú go dtí 16 bliana, agus ag an am céanna, deireadh a chur le gach bac ar vótáil agus a áirithiú go spreagfar an rannpháirtíocht i dtoghcháin;
- próisis thiomnaithe lena méadaítear guth an mhionlaigh óig agus lena n-áirithítear a rannpháirtíocht dhíreach;
- maoiniú do bhuanstruchtúir na rannpháirtíochta;
- deiseanna nua cistiúcháin Eorpacha chun spásanna don óige a chur ar bun agus a chothabháil;
- tús áite a thabhairt, ar an leibhéal Eorpach agus i gcur chuige trasearnála, do spásanna digiteacha sábháilte a chruthú don aos óg agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.

[3] Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an rún dar teideal *Council Resolution on a framework for European cooperation in the youth field: The European Union Youth Strategy 2019-2027*: [Rún ón gComhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027] (2018/C 456/01).

MEASANN SIAD MAR A LEANAS:

10. Ní mór go mbeadh an deis ag an aos óg a bheith féin-éifeachtúil, go mbeidís in ann tabhairt faoi thionscnamh agus faoin gcomhchruthaitheacht chun an fheasacht dhaonlathach a fhorbairt. Agus an méid sin á dhéanamh acu, bíonn taithí acu ar an bpróiseas daonlathach agus éiríonn leo inniúlachtaí a shealbhú atá mar bhunchloch ag an daonlathas. Cuid ríthábhachtach den phróiseas cuimsitheach seo is ea cultúr oscailte plé a bheith ann, chun gur móide an chaoinfhulaingt atá ann do thuairimí éagsúla agus do dhóigh saoil, agus forbairt a dhéanamh ar an acmhainneacht chun teacht ar chomhréiteach, glacadh le cinntí tromlaigh agus mionlaigh a chosaint.

11. Má spreagtar an rannpháirtíocht dhaonlathach san aos óg spreagtar an t-aos óg chun smaoineamh go neamhspleách, criticiúil agus ar bhealach tuisceanach ionas gur saoránaigh ghníomhacha iad; anuas air sin, spreagtar iad chun a mheas cé mar a thugann nó nach dtugann a dtimpeallacht cosaint do luachanna coiteanna Eorpacha agus ráthú dá gcearta. Tig leis sin neamhspleáchas an aosa óig a neartú – a n-acmhainneacht a gcinntí féin a ghlacadh agus an chrógacht shibhialta iontu a neartú – agus iad a chumhachtú ní hamháin ar mhaithe lena gcion féin a mhúnlú, ach ar mhaithe leis an bpolaitíocht agus an tsochaí san Eoraip a mhúnlú freisin, i gcomhréir le prionsabail dhaonlathacha agus de mheon na dlúthpháirtíochta.

12. Cuirtear, leis an gcomhar Eorpach, leis an éagsúlacht, leis an tuiscint agus leis an idirphlé oscailte. Is mór an cúnamh an bun-chomhdhearcadh sin le cultúr daonlathach agus le comhtháthú san Eoraip agus is bonn láidir é do rannpháirtíocht dhaonlathach an aosa óig. Is mór an cúnamh é le seasamh i gcoinne claonta frithdhaonlathacha, mídhaonna, gnéasaíocha, ciníocha, idirdhealaitheacha agus eisiaimh inár sochaí, agus anuas air sin, is féidir leis cur le cosc an antoisceachais fhoréignigh.

13. Ní mór pointí rochtana, tacaíocht agus deiseanna a bheith ag an aos óg chun cur ar a gcumas seilbh a ghlacadh ar a gcuid roghanna; ní mór go mbeadh an deis acu iad féin a chur in iúl, a bheith féin-éifeachtúil, agus rannchuidiú gan bhac le saol daonlathach san Eoraip. Ba cheart gurb iad an t-aos óg féin a chomhdhearfadh spásanna digiteacha agus fisiciúla an aosa óig, arna gcur ar fáil ag gníomhaithe rialtasacha agus neamhrialtasacha, agus go gcuirfí chun cinn iad i ngach cineál foghlama foirmiúla agus seachfhoirmiúla agus oiliúna. Ina theannta sin, ní mór go mbeadh an tsochaí shibhialta láidir agus neamhspleách. Tá tábhacht ar leith ag baint le cineálacha féin-eagraíochta agus abhcóideachta, amhail eagraíochtaí agus comhairlí don óige, ina bhfoghlaimíonn an t-aos óg as freagracht a ghlacadh astu féin agus as daoine eile.

14. Ní féidir leis an aos óg an daonlathas a bhlaiseadh in éagmais cur chuige cuimsitheach a chuireann éagsúlacht an aosa óig san áireamh ar go leor bealaí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na daoine óga sin nach bhfuil ach rochtain theoranta acu ar phróisis rannpháirtíochta, ar dheiseanna agus ar idirghníomhaíochtaí ar obair don óige le gníomhaithe eile na sochaí sibhialta mar thoradh ar mhíbhuntáistí aonair nó struchtúracha, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar bhaol an idirdhealaithe thrasnaigh.

CUIREANN SIAD IN IÚL GO LÁIDIR

15. Go gcuireann prionsabail na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus go háirithe na luachanna agus na cleachtais a bhaineann le hobair óige, a lán deiseanna ar fáil ar mhaithe leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig. Éiríonn leis seo go príomha ó tharla gníomhaíochtaí ar obair don óige a bheith dírithe ar an bpróiseas agus ar an rannpháirtíocht, is dírithe ar an aos óg sin atá páirteach in eagraíochtaí mar aon leo siúd nach bhfuil páirteach in eagraíochtaí atá na gníomhaíochtaí, agus iad ailínithe go dlúth le riachtanais agus le leasanna an aosa óig. Tig leis an saineolas agus leis na modhanna a chuirtear i bhfeidhm san obair óige earnálacha eile a spreagadh. Fágann sin go bhféadfadh an obair óige ról aontaitheach agus comhordaithe a imirt maidir leis an daonlathas agus an rannpháirtíocht pholaitiúil a chothú i measc an aosa óig, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal Eorpach.

16. Ina theannta sin, ba cheart coincheapa agus cleachtais nuálacha lena mbaineann cur chuige criticiúil agus fuascailte a fhorbairt laistigh d'earnáil na hoibre don óige, a bheadh dírithe ar neamhspleáchas an aosa óig, ar mheanma na tionscnaíochta agus ar dheiseanna ar an gcomhchruthaitheacht. Is féidir glacadh le coincheapa atá ann cheana amhail an t-oideachas ar chearta an duine, an fhoghlaim idirchultúrtha agus dhomhanda, an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin, agus an t-oideachas ar an tsaoránacht mar thúsphointe. Ba cheart caitheamh le hoibrithe gairmiúla agus deonacha don óige mar dhream a chuidíonn leis an aos óig tabhairt faoin ród seo, agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le dea-chleachtais a mhalartú agus scileanna agus inniúlachtaí pearsanta a shealbhú.

17. Cuireann cláir Eorpacha éagsúla an fheasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach chun cinn. Is creataí oiriúnacha iad Erasmus+ agus clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun rannpháirtíocht an aosa óig a chothú ar bhealach spriocdhírithe trí bhíthin idirphlé idirchultúrtha agus piarfhoghlaim, go háirithe i dtaca le luachanna agus saincheisteanna coitianta Eorpacha.

18. Is mór a chuireann feasacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht dhaonlathach an aosa óig le hathléimneacht na sochaí. Bíonn sé sin an-soiléir i gcásanna ina gcuirtear srianta ar phrionsabail agus ar chearta bunúsacha daonlathacha de dheasca imthosca urghnácha (e.g. paindéim COVID-19). Ar ndóigh, na daoine óga a bhfuil tuiscint mhaith acu ar an daonlathas, is fearr is féidir leo siúd idirdhealú a dhéanamh idir straitéisí atá ag luí leis an daonlathas chun déileáil leis na dúshláin sin, agus iad siúd nach bhfuil. Anuas air sin, is den riachtanas é go ndéantar cearta agus saoirsí an aosa óig a chosaint le linn srianta sealadacha agus go dtugtar thar n-ais láithreach ina n-iomláine iad a luaithe a bheidh deireadh leis na srianta. Tá feidhm aige sin go háirithe toisc gur minic daoine óga, go mór mór iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, i measc na ngrúpaí is mó a bhíonn buailte ag géarchéimeanna.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

19. I gcás inarb iomchuí, cláir agus tionscnaimh chistiúcháin a bheidh earnáilsonrach agus trasearnála a bhunú nó leanúint leo ar bhonn inbhuanaithe ar gach leibhéal laistigh de na Ballstáit, chun cur leis an tuiscint agus an meas atá ag an aos óg ar an daonlathas agus ar an éagsúlacht. Ba cheart dóibh siúd spás agus deiseanna a chruthú don aos óg a chuirfidh ar a gcumas foghlaim faoin rannpháirtíocht dhaonlathach agus í a thástáil, mar bhall de ghrúpa agus ina n-aonar, agus rochtain a áirithiú san am céanna don aos óg trí chéile, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu. Ba cheart eagraíochtaí don óige agus tionscnaimh don óige go háirithe, a léiríonn cumas an aosa óig iad féin a eagrú, a neartú ina n-acmhainneacht tacú leis na hiarrachtaí sin.

20. An daonlathas agus foghlaim faoi chearta an duine a chur chun cinn i ngach earnáil agus ar gach leibhéal oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil; agus dlúthchomhar leanúnach a chothú maidir leis na saincheisteanna sin ar fud na hearnálacha. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an oideachas saoránachta gníomhaí agus ar an oideachas don daonlathas trí raon leathan cleachtas agus timpeallachtaí foghlama a mheas agus trí fhorbairt inniúlachtaí lárnacha saoránachta a chothú, mar a leagtar amach sa mholadh dar teideal *Council Recommendation on key competences for lifelong learning* [Moladh ón gComhairle maidir le Príomhinniúlachtaí le haghaidh Foghlaim ar feadh an tSaoil][4] agus sa mholadh dar teideal *Council recommendation on promoting common values, inclusive education, and the European dimension of teaching* [Moladh ón gComhairle maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn][5].

21. An cumhacht a thabhairt don aos óg freagairt d'acmhainneacht na digiteála agus do na dúshláin a bhaineann leis an digiteáil agus a bheith rannpháirteach sa chumarsáid ar líne ar bhealach gníomhach féinmhachnamhach[6]. Chuige sin, ní mór go háirithe an litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin a chothú san aos óg agus sna daoine a thacaíonn leo (e.g. oibrithe óige, múinteoirí), go háirithe an cumas déileáil leis an ró-ualach faisnéise, an bhréagaisnéis, an fhuathchaint agus cineálacha eile ábhair dhíobhálaigh. Ba cheart béim ar leith a leagan ar uirlisí tacaíochta oiriúnacha a sholáthar agus ardleibhéal cáilíochta a áirithiú i ndáil le réitigh maidir le hobair chliste don óige agus maidir le próisis rannpháirtíochta digití. Ní mór rochtain saor ó bhacainní ar na meáin dhigiteacha a áirithiú don aos óg uile, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu.

22. An spéis ar leith agus an rannpháirtíocht ghníomhach shibhialta atá léirithe ag an aos óg a aithint i gcúrsaí amhail inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch, cearta an duine, cothromas idirghlúine, comhionannas inscne agus tionchar na digiteála, agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt dóibh ina n-iarrachtaí próisis ábhartha pholaitiúla agus shóisialta a mhúnlú. Ba cheart, go háirithe, rannpháirtíocht an aosa óig ar an leibhéal áitiúil a spreagadh, amhail i gcomhairlí mac léinn, in eagraíochtaí áitiúla don óige nó i dtionscnaimh don óige.

---

4 *Council Recommendation on key competences for lifelong learning* [Moladh ón gComhairle maidir le Príomhinniúlachtaí le haghaidh Foghlaim ar feadh an tSaoil] (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1)

5 *Council recommendation on promoting common values, inclusive education, and the European dimension of teaching* [Moladh ón gComhairle maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn] (IO C 195, 7.6.2018, lch. 1)

6 *Council conclusions on smart youth work* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair chliste don óige] (IO C 418, 7.12.2017, lch. 2) agus conclúidí ón gComhairle maidir leis an obair dhigiteach don óige (IO C 414, 10.12.2019, lch. 2).

23. Struchtúir inrochtana fhisiceacha dhigiteacha oibre don óige agus réitigh maidir le hobair chliste don óige a chur chun cinn agus tacú leo ar bhealach leordhóthanach, go háirithe tar éis bhearta srianta COVID-19, chun spásanna agus deiseanna le haghaidh forbartha pearsanta atá saor, oscailte agus sábháilte a thabhairt do dhaoine óga.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

24. Rannpháirtíocht an aosa óig i bpróisis pholaitiúla a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir leis an rún dar teideal *Council Resolution on encouraging political participation of young people in democratic life in Europe* [Rún ón gComhairle maidir le daoine óga a ghríosú le bheith rannpháirteach sa pholaitíocht i saol daonlathach na hEorpa][7], agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht fhóinteach inbhuanaithe na ndaoine óga go léir a neartú a thuilleadh sna próisis chinnteoireachta ar gach leibhéal.

25. I gcás inarb iomchuí, próisis pholaitiúla agus cinntí polaitiúla ar gach leibhéal a bheith inrochtana, trédhearcach agus intuigthe, trí fhaisnéis agus cumarsáid atá fabhrach don óige a úsáid. Go háirithe, ba cheart aiseolas a thabhairt don aos óg maidir le torthaí na bpróiseas ina raibh an óige rannpháirteach a áireamh ansin. Ní mór an fhaisnéis a scaipeadh ar bhealach spriocdhírithe ionas go sroichfidh sí gach duine óg gan beann ar a dtimpeallacht. Ba cheart straitéisí cumarsáide iomchuí a fhorbairt i gcomhar le líonraí faisnéise don óige agus le geallsealbhóirí eile in earnáil na hóige, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Fhaisnéis agus Comhairle don Aos Óg agus líonra Eurodesk, ar an leibhéal Eorpach.

26. Coincheap na feasachta daonlathaí agus coincheap na rannpháirtíochta daonlathaí a thabhairt isteach don aos óg agus a chur chun cinn mar chuid leanúnach ríthábhachtach den obair don óige, agus aitheantas a thabhairt d'earnáil na hoibre don óige mar spás fabhrach chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga forbairt a dhéanamh ar an tsochaí dhaonlathach agus cur léi. Áirítear leis sin, laistigh de na struchtúir atá ann cheana, dálaí iomchuí creata agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha a sholáthar ar gach leibhéal, mar aon le níos mó oiliúint théamach, scileanna agus cáilíochtaí téamacha d'oibrithe óige.

---

[7] *Council Resolution on encouraging political participation of young people in democratic life in Europe* [Rún ón gComhairle maidir le daoine óga a ghríosú le bheith rannpháirteach sa pholaitíocht i saol daonlathach na hEorpa (IO C 417, 15.12.2015, lch. 10).

27. Tacú le cineálacha cur chuige a fhorbairt agus a athmhúnlú a thuilleadh chun feasacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht dhaonlathach san aos óg a mhéadú. Leo sin, féadfar tógáil ar choincheapa reatha na hoideolaíochta[8] agus an daonlathais, na saoránachta gníomhaí agus an oideachais/oiliúna ar chearta an duine, chomh maith le hobair Chomhairle na hEorpa agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa réimse sin. Ba cheart na cineálacha cur chuige sin a chur ar aghaidh chuig cleachtóirí trí chláir oiliúna rialta agus d'fhéadfaidís a bheith ina spreagadh do chláir an Aontais a chuirtear ar fáil don óige, nó chun creat atá bunaithe ar inniúlachtaí a fhorbairt le haghaidh oideachas agus oiliúint[9] fhoirmiúil agus seachfhoirmiúil i ndáil le hobair don óige. Ba cheart deiseanna do ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirteacha laistigh d'earnáil na hoibre don óige a chruthú freisin – idir cleachtóirí, lucht acadúil, lucht déanta beartas agus daoine óga, agus idir earnálacha.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

28. Leasanna daoine óga agus a rannpháirtíocht dhaonlathach a chur san áireamh mar shaincheist a bhaineann le gach próiseas agus clár Eorpach, amhail an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, nó an Limistéar Eorpach Oideachais, agus i gcur chun feidhme na gclár ábhartha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm, an Comhaontú Glas don Eoraip, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus i gcomhar feabhsaithe le Comhairle na hEorpa.

29. Béim a leagan ar ghníomhaíochtaí taighde agus ar uirlisí bailithe fianaise a dhéanann anailís ar thionchar chláir chistiúcháin ón Aontas ar chur chun cinn na feasachta daonlathaí agus na rannpháirtíochta daonlathaí san aos óg.

30. Gníomhaíochtaí Eorpacha le tíortha comhpháirtíochta arna mhaoiniú le cláir an Aontais a neartú chun an fheasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach san aos óg a chur chun cinn a thuilleadh, agus leanúint den obair don óige a fhorbairt trí chomhar agus trí mhalartú.

---

8 Go háirithe, coincheapa na hoideolaíochta criticiúla agus na hoideolaíochta fuascailtí.

9 Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar oibrithe don óige (IO C 412, 9.12.2019, lch. 12).

IARRANN SIAD AR NA GNÍOMHAITHE UILE ATÁ RANNPHÁIRTEACH I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIR EORPACHA I RÉIMSE NA hÓIGE GACH IARRACHT A DHÉANAMH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

31. Béim a leagan ar shaincheisteanna amhail luachanna agus féiniúlacht Eorpach, an daonlathas, glacadh le héagsúlacht, cearta an duine, comhionannas inscne, mionlaigh a chosaint, smaointeoireacht chriticiúil, cineálacha nua rannpháirtíochta agus gníomhaíocht shibhialta i gcur chun feidhme chláir mhaoiniúcháin Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ba cheart rochtain chuimsitheach agus oscailte, nósanna imeachta simplí agus acmhainní leordhóthanacha a áirithiú i gcás tionscadal lenar féidir an deis a thabhairt don aos óg tús a chur leis na tionscadail sin, rannchuidiú leo agus a dtuairimí a chur in iúl ina dtaobh. Ba cheart é sin a chur san áireamh go háirithe i gcás gníomhaíochtaí tiomnaithe maidir le rannpháirtíocht agus dlúthpháirtíocht.

32. A áirithiú go gcuirfear riachtanais, leasanna agus éagsúlacht daoine óga san áireamh i gcláir an Aontais don óige. Áirítear leis sin faisnéis faoi mhaoiniú atá sothuigthe don óige agus atá inrochtana go héasca, tacaíocht do thionscnaimh tionscadail na ndaoine óga féin, agus aird a thabhairt ar lucht eagraithe clár agus a gcuid riachtanas. I gcásanna inarb iomchuí, ba cheart, leis na cláir sin, a bheith in ann feabhsuithe a dhéanamh a thabharfadh tús áite a thuilleadh do thionscnaíocht an aosa óig, agus ar an gcaoi sin, dá rannpháirtíocht dhaonlathach agus dá dtaithí dhaonlathach.

***Tagairtí***

Agus na conclúidí seo á nglacadh acu, tugann an Chomhairle agus ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, dá n-aire na doiciméid seo a leanas:

- *Council Resolution on a framework for European cooperation in the youth field: The European Union Youth Strategy 2019-2027* [Rún ón gComhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027] (IO C 456, 18.12.2018, lch. 1)
- *Council Resolution on encouraging political participation of young people in democratic life in Europe* [Rún ón gComhairle maidir le daoine óga a ghríosú le bheith rannpháirteach sa pholaitíocht i saol daonlathach na hEorpa] (IO C 417, 15.12.2015, lch.10)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga sa ghníomhaíocht sheachtrach (8629/20)
- *Council conclusions on media literacy in an ever-changing world* [Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú] (IO C 193, 9.6.2020, lch. 23)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar oibrithe don óige (IO C 412, 9.12.2019, lch. 12)
- *Council conclusions on digital youth work* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair dhigiteach don óige] (IO C 414, 10.12.2019, lch. 2)
- *Council recommendation on promoting common values, inclusive education, and the European dimension of teaching* [Moladh ón gComhairle maidir le luachanna coiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn] (IO C 195, 7.6.2018, lch. 1)
- *Council recommendation on key competences for lifelong learning* [Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil] (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1)
- *Council conclusions on smart youth work* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair óige chliste] (IO C 418, 7.12.2017, lch. 2)
- *Council conclusions on the role of the youth sector in an integrated and cross-sectoral approach to preventing and combating violent radicalisation of young people* [Conclúidí ón gComhairle maidir le ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac] (IO C 213, 14.6.2016, lch. 1)

- Dearbhú Pháras an 17 Márta 2015 ó Airí Oideachais an Aontais maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989

- An Coimisiún Eorpach: *Flash Eurobarometer 478 – How do we build a stronger, more united Europe? The views of young people, March 2019* [Eorabharaiméadar Laom 478 – Conas a thógfaimid Eoraip níos láidre agus níos aontaithe? Tuairimí an aosa óig, Márta 2019][10]

- Parlaimint na hEorpa: *Study – Shrinking space for civil society: the EU response, 2017* [Staidéar — Spás don tsochaí shibhialta a bheith ag laghdú: freagairt an Aontais, 2017][11]

- Moladh CM/Rec(2010)7, a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa do na Ballstáit maidir le Cairt Chomhairle na hEorpa um Oideachas don tSaoránacht Dhaonlathach agus don Oideachas ar Chearta an Duine

- Comhairle na hEorpa: *Reference Framework of Competencies for Democratic Culture:Volume 1 – Context, concepts and model, 2018* [Creat Tagartha Inniúlachtaí maidir leis an gCultúr Daonlathach: Imleabhar 1 — Comhthéacs, coincheapa agus samhail, 2018][12]

---

[10] https://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/index.cfm/ResultDoc/download/DocumentKy/86162

[11] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2017/578039/EXPO_STU(2017)578039_EN.pdf

[12] https://rm.coe.int/prems-008318-gbr-2508-reference-framework-of-competences-vol-1-8573-co/16807bc66c